

Doiciméad Clársceidealaithe Aonair 2025-2027

Achoimre

Is ionann an doiciméad clársceidealaithe aonair (SPD) agus plean corparáideach na Gníomhaireachta. Sa doiciméad, dírtar na hacmhainní atá ar fáil ar thosaíochtaí beartais, agus an tiomantas do spriocanna níos fadtéarmaí á choinneáil san am céanna. Leis an SPD, bunaítear ár gcuspóirí ilbhliantúla 2025-2027 maidir leis na cúraimí agus na freagrachtaí a leagtar amach i [Rialachán EUAA](#), atá mar bhonn agus mar thaca ag ár sainordú. Bunaithe ar sheacht gcuspóir níos fadtéarmaí, leagtar síos i gclár oibre bliantúil 2025 cuspóirí agus spriocanna bliantúla le haghaidh 15 ghníomhaíocht agus leithdháiltear acmhainní dá réir sin ann.

Misean EUAA i gcomhthéacs

Cuirimid chun cinn cur chuige comhchuibhithe maidir le cosaint idirnáisiúnta lena n-urramaítear go hiomlán cearta bunúsacha na n-iarrthóirí tearmainn. Is é an misean atá againn tacú le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET), ar creat dlíthiúil agus beartais atá ann a cheaptar chun caighdeáin chomhsheasmhacha aonfhoirmeacha a áirithiú do dhaoine aonair atá ag lorg cosaint idirnáisiúnta ar fud an Aontais.

Lena chur ar bhealach níos nithiúla, déanaimid an méid seo a leanas:

- **comhar** praiticiúil agus **malartú** faisnéise maidir le tearmann agus glacadh a chomhordú agus a neartú i measc na mBallstát;
- dlí an Aontais agus **caighdeáin** oibríochtúla maidir le tearmann agus glacadh a chur chun cinn;
- **cóineasú** a áirithiú ar fud an Aontais maidir le nósanna imeachta le haghaidh cosaint idirnáisiúnta, dálaí glactha agus measúnú ar riachtanais chosanta;
- **faireachán** a dhéanamh ar chur i bhfeidhm dhlí agus chaighdeáin an Aontais;
- **cúnamh** oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit;
- tacú leis na Ballstáit cláir **athlonnaithe** agus cláir um **ligean isteach ar fhoras daonnúil** a chur chun feidhme;
- **oiliúint** a chur ar fáil dár saineolaithe agus d'oifigigh na mBallstát;
- **fothú acmhainneachta** a chur ar fáil do thríú tíortha comhpháirtíochta.

Ó 2022 amach, rinneadh ár [sainordú](#) a athbhreithniú agus a neartú chun borradh a chur faoi ionchais i dtaobh an chomhbheartais tearmainn san Eoraip. Ó ghlacadh na dtéacsanna deireanacha atá mar chuid den Chomhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann (‘an

Comhshocrú) in 2024, tá tuilleadh forbartha tagtha ar ár gcúraimí. Is sraith rialacha nua é an Comhshocrú chun an imirce a bhainistiú agus CET a athchóiriú. Éilítear lena ionstraimí reachtacha athruithe nó nuálaíochtaí a mbíonn ionchur gníomhach ó EUAA ag teastáil uathu. Dá bhrí sin, beidh ár n-iarrachtaí sna blianta amach romhainn dírithe ar sheirbhísí agus uirlisí a bheartaítear sa Chomhshocrú a sholáthar agus ar chur chun feidhme éifeachtach an Chomhshocraithe ag na Ballstáit a chumasú.



Fíor 1. [Tháinig ionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2024.](#)

Go sonrach, déanfaimid athbhreithniú agus oiriúnú ar an treoir, ar na modúil oiliúna, ar na huirlisí agus ar na táirgí maidir le tearmann agus glacadh atá ann cheana i gcomhréir leis an gComhshocrú. Déanfaimid athbhreithniú ar chaighdeáin agus táscairí oibríochtúla áirithe agus forbróimid cinn nua de réir mar is gá.

Tá impleachtaí suntasacha ag cúraimí agus gníomhaíochtaí nua a eascraíonn as an gComhshocrú maidir leis an ualach oibre le haghaidh 2025-2027. Táimid ag súil go mbeadh 100 post ball foirne ar conradh breise ann le linn na tréimhse sin chun cur chun feidhme an Chomhshocraithe a éascú.

Ag an am céanna, ní mór dúinn deireadh a chur de réir a chéile le 90 post oibríochtúil gearrthéarmach san iomlán faoi 2026, ar poist iad a cruthaíodh de bharr chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá ár ngníomhaíochtaí faoi réir athbheartú rialta tosaíochtaí, faoi threoir an Bhoird Bainistíochta.

Bíonn an staid dhomhanda de shíor ag athrú, agus ‘gníomhaithe idirnáisiúnta éagsúla ag glacadh róil nua a bhíonn níos achrannaí go minic’¹ agus ní mór dúinn a bheith réidh chun freagairt a thabhairt agus acmhainní a ath-leithdháileadh nuair a éilítear an méid sin toisc na staide, mar shampla, i gcás brú nua nó éigeandálaí nua a bheith ag teacht chun cinn.

¹ [Tuarascáil ar Fhadhbheathnaitheacht Straitéiseach 2023 COM\(2023\)376 final.](#)

Plean gníomhaíochta 2025-2027


Mar phríomhthosaíochtaí, ullmhóimid do chur chun feidhme iomlán an Chomhshocraithe ó lár 2026 ar aghaidh agus do chur i bhfeidhm ár [sainordaithe faireacháin](#). Is éard atá i gceist leis sin measúnú córasach a dhéanamh ar ullmhacht agus ar chumas na mBallstát dúshláin tearmainn agus ghlactha a bhainistiú² trí [mhodheolaíocht faireacháin](#) atá réamhbhreathnaitheach, cuimsitheach agus comhoibríoch. Áiritheofar leis an gcur chuige sin go ndéanfar dea-chleachtais a shainaithint agus a chomhroinnt, agus ag an am céanna díreofar ar aghaidh a thabhairt ar easnaimh agus ar dhúshláin a bheidh ann amach anseo. Sa dá chás sin, tá gá le dlúthchomhar leanúnach leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na Ballstáit.

Cúnamh oibríochtúil agus teicniúil



Leanfaimid de chúnamh oibríochtúil agus teicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit a bhfuil brú díréireach ar a gcórais tearmainn nó ghlactha nó ina bhfuil dúshláin dhíríreacha imirce rompu, agus maidir le cur chun feidhme a n-oibleagáidí faoi CET.

Cuideoidh [catalóg d'idirghabhálacha oibríochtúla](#) le comhairliúcháin leis na Ballstáit maidir leis an tacaíocht oibríochtúil dá gcórais tearmainn agus ghlactha. Leagfar ár dtacaíocht amach ar bhonn measúnuithe ar riachtanais, agus treochtaí maidir le teacht maille le bealaí imirce a bhaineann le tearmann á gcur san áireamh. Cuirfear an tacaíocht sin ar bhonn foirmiúil trí [phlean oibríochtúil](#) ina leagfar amach na bearta tacaíochta a chomhaontófar ag an Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus an Ballstát a bhfuil cúnamh de dhíth air.



Fíor 2: Catalóg freagartha oibríochtúla EUAA

Leanfaimid dár gcreat tacaíochta oibríochtúla a fheabhsú a thuilleadh, agus béim á leagan ar ár n-ullmhacht, ár bpleanáil theagmhasach agus ár n-acmhainneachtaí mearfhreagartha a neartú a thuilleadh, chomh maith le feabhas a chur ar imscaradh pearsanra chuig oibríochtaí allamuigh sna Ballstáit.

Áireofar ar idirghabhálacha oibríochtúla straitéisí fóna iontrála, inbhuanaitheachta agus scoir a chuirfidh ar ár gcumas freagairt in am, tacú go héifeachtúil agus deireadh a chur de réir a chéile ar bhealach inbhuanaithe i gcás ina bhfuil laghdú tagtha ar an mbrú ar chórais náisiúnta tearmainn agus ghlactha.

Agus aghaidh á tabhairt againn ar riachtanais atá ag teacht chun cinn agus ar aon imeachtaí gan choinne, rachaimid i gcomhairle agus comhoibreoidimid le gníomhaithe eile sa réimse chun comhlántacht a áirithiú agus chun ár mbreisluach a uasmhéadú.

² Airteagal 14(1) de Rialachán EUAA.

Tacóimid freisin le tíortha AE+³ i réimse an athlonnaithe agus an ligean isteach ar fhoras daonnúil, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí saincheaptha tacaíochta.


Eolas ar thearmann agus faireachán CET



Le húsáid ár dtáirgí ag údaráis náisiúnta, cumasaítear cinntí cosanta idirnáisiúnta atá tapa, cruinn agus ag éirí níos cóineasaithe agus áirithítear dálaí glactha iomchuí ar fud an Aontais.

Déanfar **faisnéis** agus **treoir** maidir le príomhthíortha tionscnaimh na n-iarratasóirí tearmainn a dhéanamh níos inrochtana, a leathnú agus a chur chun cinn.

Leanfaimid **d'anailísí** cáilíochtúla agus cainníochtúla a chur ar fáil maidir le tearmann agus glacadh, mar aon le tuarascálacha **luathrabhaidh** agus **feasacht staide** fíor-ama i dtaobh na staide tearmainn chun tacú leis an gcinnteoireacht sna Ballstáit. Déanfar rochtain ar ár bpunann anailíseach a fheabhsú a thuilleadh trí thairseacha idirlín agus bunachair sonraí. Leis an [tuarascáil ar thearmann](#), a chuirfear ar fáil ó 2025 ar aghaidh i bhformáid i bhfad níos cuíchóirithe agus níos anailísí ná mar a bhí sna blianta roimhe seo, soláthraítear anailís chuimsitheach agus cháilíochtúil ar staid an tearmainn san Aontas.



Fíor 3: Tuarascáil EUAA ar Thearmann 2024

Chun an cóineasú a chothú, leanfaimid de chomhar agus malartú a éascú i measc cleachtóirí, na sochaí sibhialta agus chomhaltaí na gcúirteanna agus na mbinsí, ag díriú ar threoir choiteann, dea-chleachtais agus réitigh, rud lena n-áirithítear rannpháirtíocht ar fud tíortha AE+. Leanfaimid d'inúsáidteacht ár dtreoracha agus ár n-uirlisí praiticiúla a fheabhsú, agus iad á n-oiriúnú de réir mar a cheanglaítear leis an gComhshocrú.

Ó 2025 amach, cuirfimid sásra faireacháin EUAA chun feidhme le dhá chleachtadh phíolótacha. Leis an sásra, déanfar maoirseacht ar chur i bhfeidhm oibríochtúil agus teicniúil CET sna Ballstáit uair amháin gach cúig bliana ar a laghad. Ina theannta sin, ag an am céanna, déanfaimid cleachtadh faireacháin téamach amháin ar a laghad chun díriú ar ghnéithe sonracha nó téamacha de CET ar fud na mBallstát uile. Leis an sásra, tugtar aghaidh ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, arb é is aidhm dó feabhas a chur ar fheidhmiú foriomlán na gcóras tearmainn agus glactha.


³ 27 mBallstát an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis.

Oiliúint agus forbairt ghairmiúil



Chun a áirithiú go dtuigeann an pearsanra atá ag obair i réimse an tearmainn agus an ghlactha caighdeáin agus dea-chleachtais ábhartha agus go gcuireann siad i bhfeidhm go héifeachtach iad, leanaimid dár n-iarrachtaí oiliúna agus fothaithe acmhainneachta a neartú chun tacú leis na húdaráis náisiúnta.

Leanfaimid de riachtanais oiliúna a shainaitheint agus gníomhaíochtaí oiliúna a chur chun feidhme, lena n-áirítear mar chuid de phleananna oibríochtúla a síníodh le Ballstáit atá faoi bhrú díréireach. Oibreoidimid chun feabhas a chur ar an gcomhar agus ar na malartuithe leis na Ballstáit maidir le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil. Leanfaimid freisin d'oiliúint a chur ar oifigigh agus d'acmhainneacht a fhorbairt lasmuigh den Eoraip. Tá tacaíocht oiliúna i dtríú tíortha comhpháirtíochta ailínithe lenár [straitéis um chomhar seachtrach](#). Mar is gnách lenár [dtuarascáil bhliantúil ar oiliúint](#), cuirfear ar fáil nuashonrúchán cuimsitheach i dtaobh na dtorthaí a bhainfear amach gach bliain, lena n-áireofar 2025 agus blianta ina dhiaidh sin.



Fíor 4: Tuarascáil Bhliantúil EUAA ar Oiliúint 2023

Is cúram tábhachtach dár gcuid é modúil éagsúla an churaclaim Eorpaigh tearmainn a ailíniú le hionstraimí reachtacha an Chomhshocraithe agus oiliúint nuashonraithe a chur ar fáil do chleachtóirí. Dá bhrí sin, oibreoidimid ar an gcuraclam Eorpach tearmainn nuashonraithe a dhearadh, a fhorbairt agus a sholáthar, lena gcuirfear chun feidhme cur chuige céimnithe lena dtabharfar tús áite do na riachtanais oiliúna is práinní atá ag údaráis náisiúnta na mBallstát. Agus é sin á dhéanamh againn, comhoibreoidimid a thuilleadh leis na príomhpháirtithe leasmhara chun pobal cleachtais d'oifigigh agus d'oiliúnóirí tearmainn agus glactha a neartú a thuilleadh.

Cé go ndeantar modúil i gcomhar leis na húdaráis náisiúnta agus go ndírítear ar riachtanais shainaitheanta iontu, is tosaíocht i gcónaí é iad a chomhtháthú i gcláir oiliúna náisiúnta. Oibreoidimid chun a chinntiú go leanfaidh formhór thíortha AE+ d'úsáid a bhaint as modúil churaclaim in oiliúint oifigeach náisiúnta.

Ar mhaithe le for-rochtain níos fearr agus inbhuanaitheacht fheabhsaithe na hidirghabhála oiliúna, oibreoidimid chun líon na **n-oiliúnóirí** cáilithe sna riaracháin náisiúnta a mhéadú.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do chóineasú a bhaint amach idir na Ballstáit i gcur chun feidhme CET, beidh ról ríthábhachtach ag **Acadamh EUAA**, mar sholáthraí creidiúnaithe breisoideachais agus ardoideachais a leagann béim ar oiliúint ardcháilíochta a chur ar fáil agus a thairiscint oiliúna a mhéadú, i gcáilíochtaí a bhronnadh a aithnítear san Aontas agus níos faide i gcéin.

Thairis sin, i gcomhréir lenár [straitéis um oiliúint agus foghlaim](#) agus faoi threoir aiseolais ónár n-úsáideoirí, leanfaimid d'fheabhas a chur ar an eispéireas oiliúna agus foghlama trí theicneolaíochtaí nuálacha agus comhtháthú cur chuige teagaisc.



Gníomhaíochtaí cothrománacha



Leanfaidh an Gníomhaireacht de thús áite a thabhairt do chórais láidre rialachais, do lucht saothair oilte agus rannpháirteach, d'athléimneacht a hábhair dhigitigh agus d'urramú na gceart bunúsach ar fud a gníomhaíochtaí uile.

Díreoimid ar ailíniú le spriocanna inbhuanaitheachta fadtéarmacha an Aontais agus béim á leagan ar an ngné chomhshaoil.

I gcomhréir leis an [straitéis um chomhar seachtrach](#), is tosaíochtaí breise iad acmhainneachtaí tríú tíortha a fhorbairt agus idirphlé dhá threo leis an tsochaí shibhialta a neartú.



Fíor 5: Straitéis EUAA um Chomhar Seachtrach 2023



